

FEIS TIGH CHONÁIN

Leagan nuascríofa le
DARACH Ó SCOLAÍ

LEABHAR BREAC
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

An Chéad Chló 1999
© Darach Ó Scolaí 1999

ISBN 0 898332 09 5 (Crua)

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Teil: 091 593592
Arna phriontáil ag Clódóirí Lurgan Tta, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

BEIR BUA AGUS BEANNACHT, a fhir amhnais fhíoreolaigh, is mór an t-urghairdiú meanman is aigeantachta dúinn a bheith ag éisteacht leat, agus ar ghrá d'oinigh is d'eangnamha, a Rífhéinní, inis dom go héasca umhal gach ní a fhiafród díot, agus ná bíodh tuirse ná fearg ort.

Ní bheidh, arsa Fionn. Fiafraigh gach ní is áil leat feasta de scéalta na Féinne, agus gheobhair gach ní a bheidh agamsa díobh.

FEIS TIGH CHONÁIN ANSEO THÍOS:

SEILG A COMÓRADH le Fionn mac Cumhaill mhic Thréanmhóir uí Bhaoiscne agus le fianna Gael ó Theamhair Éirne ó dheas go Sliabh ard úraoibhinn Eachtaí. Is ann a suíodh an tseilg leo faoi choillte bileogacha barrghlasa, faoi dhoirí dlútha diamhra, faoi shléibhte fairsinge fraoch-arda, faoi mhánna míne mór-áille is faoi chnoic chorracha cheanngharbha mórthimpeall na bhfearann, agus gach taoiseach féinne acu ina ionad dála is ina láthair ligthe féin mar a chleachtaíodar go minic roimhe sin.

Scaoileadar dá ngadhair mhórghlóracha, á ngríosadh faoi mhórdhoirí, faoi choillte is faoi shléibhte gach taobh díobh, agus chuireadar a gcúnna feargacha craosfhairsinge ar iallacha daingne dea-mhaiseacha.

Shuigh Fionn ina dhumha seilge agus níor fhan ina fhochair ná ina chuideachta ach Diorraing mac Doghair Dhamhaidh amháin. Agus ba é ba cheol, oirfide is ealaín dóibh a bheith ag éisteacht le nua-ghártha na seilge is le screadach na gcúnna gur dhúisíodar fianna faiteacha foluaineacha, míolta mong-rua, sionnaigh chabliatha is broic cheannanna, gurbh lámhdhearg gach laoch, ceanndearg gach cú, agus go raibh giollaí mórmhuiríneacha ag cruinniú an áir.

Ba í sin uair is aimsir a ghabh fonn suain is sárchodlata an Rífhéinní, agus a dúirt sé le Diorraing faire is forchoimhead a dhéanamh dó nó go gcodlódh sé cáil éigin tar éis na mochéirí a rinne sé an lá sin.

Déanfadh sin, arsa Diorraing.

Luigh Fionn agus thit a thoirchim suain is sárchodlata air, agus bhí sé ina chodladh ón tráth sin nó gur fhéach an ghrian aniar agus gur imíodar an fhiann i gcéin uathu. Nuair ab fhada le Diorraing Fionn a bheith ina chodladh, thug lámh thar fhormna is thar aghaidh dó, agus mhúscaíl é. D'inis dó an fhiann a imeacht agus a n-ionad seilge a fhágáil dóibh, agus dúirt nár chuala fead ná glao uathu ó shin.

Arna chloisteáil sin d'Fhionn, d'éirigh sé go héasca, thug lámh thar a aghaidh agus dúirt: Dar liom, a Dhiorraing, tá deireadh lae ann agus ní shroichfimid an fhiann anocht. Éirigh faoin gcoill, mar sin, agus tabhair ábhar botha is béalscáthláin chugainn.

D'éirigh Diorraing agus chuaigh faoin gcoill, agus ní cian a chuaigh nuair a chonaic sé dún ríoga rómhaiseach agus pálás álainn iontach lena ais. D'iontaigh Diorraing mar a raibh Fionn agus d'inis sin dó.

Rachaimid chun an dúin, arsa Fionn, óir ní bheimid le saothar botha feasta.

Chuardar rompu go doras an dúin agus bhaineadar béim boschrainn as an doras. Tháinig an doirseoir chucu agus d'fhiafraigh cé a bhí ann.

Beirt de mhuintir Fhinn mhic Cumhaill atá anseo, ar siadsan.

Gleo nimhe agus áigh agus urbhada oraibh, arsa an doirseoir. Is olc an turas a thug anseo sibh, óir is é Fionn a mharaigh athair is máthair fhear an tí seo, a cheathrar

deartháireacha, triúr deartháireacha a athar, agus athar a mhná – Dubh mac Dubhghaill – ar Mhaigh Teasca ó dheas. Agus is é an baile atá anseo, Baile Chonáin Chinn tSléibhe, ar a dtugtar Conán Chinn tSúmaire Rua, óir is leis a trádh Loch Lurgan ag iarraidh chlaíomh Fhinn, Mac an Loin, ann.

Agus b'fhíor don doirseoir gach a ndúirt sé ansin le Fionn, óir is é Fionn a rinne na héachtaí sin.

D'fhill an doirseoir ar Chonán agus d'inis dó an bheag-chuideachta sin a bheith sa doras.

Céard é tuarascáil na buíne atá sa doras? a d'fhiafraigh Conán de.

Atá ann, arsa an doirseoir, óglach fionnliath fearúil fíormhaiseach is mó de mhílí, is láidre de laochra, agus is áille den drong dhaonna uile; cú craosach cíordhubh uchtgheal ina lámh go n-ingne géara, go nimh nathrach, go slabhraí sníofa, go muince órloiscthe faoina bhráid; óglach donndearg dathálainn ina fhochair agus soith bhreacbhúí uaibhreach ina lámh.

Is maith a thugais tuarascáil na buíne atá sa doras leat, arsa Conán, agus beirimse aithne orthu, óir is é Fionn, flaith-fhéinní Gael an t-óglach a dtugais a thuarascáil leat ar dtús, agus Bran ina lámh; agus is é Diorraing mac Doghair an t-óglach eile sin a dtugais a thuarascáil leat ar deireadh, agus Sceolaing ina lámh. Éirigh amach go luath agus lig isteach iad.

D'imigh an doirseoir amach agus d'oscail an doras. Thángadar isteach, gabhadh a n-airm as a lámha, ceanglaíodh

a gcúnna, níodh a gcosa agus tugadh a ndóthain de bhianna breátha sochaite agus de dheochanna milse sobhlasta dóibh, gurbh subhach somheanmnach iad. Agus ar chaitheamh forgla a gcoda dóibh tháinig cóir chomhrá is imagallaimh idir Conán is Fionn.

A dúirt Conán: A Fhinn, ar sé, is mór an grá bia is aíochta a thugann chun an tí seo thú agus a bhfuil d'fhaltanas is d'esaontas eadrainn.

Is amhlaidh a bhí Conán an uair sin agus a bhean, Caoineach, ar a ghualainn, agus iníon chruthach choim-álainn a bhí acu, Fionndialbh iníon Chonáin, ar ghualainn a máthar.

D'fhreagair Fionn é agus dúirt: Is fíor gach ní dá ndúrais, a Chonáin. Is mór m'fhala-sa is m'esaontas leat, agus cé go ndearnas síocháin leat an t-am a mharáios d'athair is do mháthair, do thriúr deartháireacha, do bheirt mhac, agus athair do mháthar – Dubh mac Dubhghaill – agus a thriúr mac, lig mé do bheo leat féin is le do bhean, agus í taobhthrom torrach, agus nascadh an toircheas sin liomsa: dá mba mhac a bheadh ann go mbeidh sé ina dhalta agus ina fhéinní agam, agus dá mba iníon a bheadh ann, í a leasú agus a oiliúint go maith faoi mo chomhair féin dá mba dhiongbháilte dom í, agus murab ea go dtabharfainn do thaoiseach féinne maith éigin de mo mhuintir í.

Beirim aithne uirthi gurb í siúd thall i bhfochair a máthar í anois, agus is diongbháilte domsa í mar bhean. Agus is á breith liom a thánag-sa chun an tí seo anocht, agus ní ar

aíocht, agus is córa duit cuimhne a bheith agat ar an maith sin a rinneas ort ná cuimhne a bheith agat ar fhala ná ar easaontas.

Leag as, a Fhinn, arsa Conán. Nascadh an iníon úd le fear eile, agus is dóigh liom – cé gur mór do chonách-sa is do neart – nach lú leisean a mheanma is a aigne ná leatsa, a Fhinn.

Cé hé sin? arsa Diorraing mac Doghair.

Itheach mac rí Shí Easa Rua ó thuaidh.

Ar do ghráin is ar do chalaois, a Chonáin, arsa Diorraing, ba chóir an béal as a dtáinig an glór sin a dhluí is a dhianghearradh, agus dianbhás a imirt air, óir dá gcuirfeá Tuatha Dé Danann uile i bpearsa aon duine amháin, is fearr Fionn ná é.

Leag as, a Dhiorraing, arsa Fionn. Ní ag iomarbhá ná ag imreas a thángamar chun an tí seo anocht, ach ag iarraidh mná, agus béarfaimid linn í más olc maith lena bhfuil in Éirinn é.

Ní dhéanfaimid imreas ar bith ar an ábhar sin, a Fhinn, arsa Conán, ach, geasa nach bhfulaingeodh fíorlaoch ort mura n-inseoidh tú domsa gach ní a fhiafród d'imeachtaí is d'iontais is de scéalta Fhiann Éireann díot, go luífidh tú ar do leaba anocht.

Gach ní a bhíonn agamsa ar chuimhne de sin inseoidh mé duit iad, arsa Fionn.

Más ea, arsa Conán, inis dom an chéad ainm a tugadh ort, agus an dara hainm, agus cá ndearnais do chéad chreach is do

chéad éacht is do chéad snámh, agus inis dom cén fáth a léimeann tú Léim na Brice Blá gach bliain.

Inseoidh mé duit, arsa Fionn. Glas Díge mo chéad ainm agus Giolla an Chuasáin m'ainm ina dhiaidh sin. Ag Tiobraid Chrithirlinne ar leataobh Shliabh Smóil, ar a dtugtar Sliabh Bladhma inniu, a rinneas mo chéad snámh, agus is ag Dún Brocna a rinneas mo chéad chreach riamh – praslacha gona dhá héan déag. Agus is ar a léimimse Léim na Brice Blá gach bliain, an chéad lá a scaras le mo bhuime, Bodhmann – arna marú ag Clanna Morna – ghabhas seachrán slí chugam go dtáinig go Luachair Deá ó dheas, agus mé i m'ógmhacaomh baoth éigialta gan d'éadach orm ann ach beart de chraiceann óg-lao allta. Ní cian a chuas an t-am a chonaiceas an dá chomhdháil – oireachtas fortúil fearúil fear is oireachtas binn comhráiteach ban – ar dhá chnoc chomharda le taobh a chéile, agus poll duibheagáin duaiseach domhain gáifeach gráiniúil eatarthu. Thángas an uair sin mar a raibh na mná ar dtús, bheannaíos dóibh trí na déithe adhartha agus d'fhiafraíos díobh cén fáth a rabhadar an dá chomhdháil sin leath ar leath ar an aill.

D'insíodar na mná domsa gurbh é an fáth a bhí leis sin go raibh Séanna mac Ailealla, mac rí Chiarraí Luachra, ann agus oireachtas fortúil fear ina thimpeall, agus go dtug sé searc agus síorghrá d'Adhnait iníon Dáire an tSí – a bhfuil an t-oireachtas comhálainn binnbhriathrach ban seo ina timpeall – agus is í an aisce a d'iarr Adhnait air mar choibhche: léim na haille seo a thabhairt. Tagann sé gach bliain ina

coinne anseo ag tabhairt na léime, agus nuair a thionscnaíos í a thabhairt agus nuair a thagann go bruach na haille, filleann sé ar ais arís gan a léim a thabhairt.

D'fhiafraíos den iníon ar chuma léi cé a bhéarfadh an léim.

Dúirt sí gur chuma. Cé gur gránna d'earra is d'éadach is do chulaith, ar sí, agus ní ag cáineadh do dheilbhe féin é, bheinnse agat agus do luífinn leat.

Arna chloisteáil sin domsa thugas lánchruinniú orm féin i meán mo chraicinn, d'imíos ar mo chúl ón aill agus thugas rith reatha rinnluath chun na haille, gur éiríos go hard-éadrom eadarbhuasach liom féin os cionn an duibheagáin, agus gur thuirlingíos ar an tulach taobh thall den aill. D'fhillas i bhfrithing na conaire céanna arís chun na haille, thugas an léim thar m'ais agus bhéarfainn ní ba mhinice í dá mba áil liom féin é.

Arna fheiceáil sin d'Adhnait tháinig sí chugam, chuir a lámh faoi m'aghaidh agus thug teora póg dom. Bhain sí mo chraiceann díom ansin agus thug éadach mo dhiongbhála dom. Chuas léi chun a tí an oíche sin agus d'éiríos go moch arna mhárach. Tháinig sise chugam agus d'iarr aise mhaidine orm: an léim sin a thabhairt gach bliain. Thugas sin di agus d'fhág sí mar gheasa orm, an bhliain nach dtabharfainn an léim, éag nó oidhe a fháil.

Agus is iad sin na scéalta a d'fhiafraís díom, a Chonáin, arsa Fionn.

BEIR BUA AGUS BEANNACHT, a fhir amhnais fhíoreolaigh, is mór an t-urghairdiú meanman is aigeantachta dúinn a bheith ag éisteacht leat, agus ar ghrá d’oinigh is d’eangnamha, a Rífhéinní, inis dom go héasca umhal gach ní a fhiafród díot, agus ná bíodh tuirse ná fearg ort.

Ní bheidh, arsa Fionn. Fiafraigh gach ní is áil leat feasta de scéalta na Féinne, agus gheobhair gach ní a bheidh agamsa díobh.

Fiafraím díot, arsa Conán, cén laoch d’fhianna Éireann a léimeann ar a leacht agus ar a lia féin gach lá agus é féin beo, agus gurb í a iníon a mháthair, agus go mbíonn ag agairt éirice is eineachlainne ar an bhfear a mharaigh é.

Inseodsa sin, arsa Fionn. Imreas a tharla idir dhá thaois-each mhaithe féinne de mo mhuintirse faoi chomhrac dhá chú – idir Oscar mac Croimchinn is Daolghas mac Ailealla Cais – agus ní raibh sa bhaile den fhiann lucht a n-eadrána nó gur thit Daolghas le hOscar.

Tháinig iníon chruthmhar chaomhálainn a bhí ag Daolghas os a chionn agus é marbh, chrom sí air agus thug póg dó, agus léim caor cródhearg as a bhéalsan ina béalsa gur fágadh taobhthrom torrach í; go ceann naoi mí di amhlaidh sin, gur rug mac den toircheas. Agus ar na chéad aistí macnais don leanbh bhí sé ag léimneach ar a leacht is a lia féin gach lá agus, ó nach bhfuarthas athair dó, baisteadh agus tugadh ainm a hathar féin, Daolghas, air, agus tá sé inniu ag iarraidh éirice ar an bhfear a mharaigh é.

Is iad sin fuascailt na gceist a chuiris orm, a Chonáin, arsa Fionn.

BEIR BUA AGUS BEANNACHT, a Fhinn. Is maith an t-urghairdiú meanman is aigeantachta dúinn a bheith ag éisteacht leat, agus abair liom, a Rífhéinní, cé is fearr nó is measa i bhfianna Éireann, agus cé is mó nó cé is lú, agus cé is luaithe nó cé is moille.

Inseodsa sin duitse, arsa Fionn. Mise féin an duine is fearr, agus Dear Dhubh an Duibhshléibhe an duine is measa i bhfianna Éireann: baneachlach is ea í a bhíonn agamsa ag taisteal chríocha is chiníocha an domhain le mo ghnóthaí, agus ní maith léi aon duine, ach tugann imdheargadh do gach aon duine a labhrann léi, agus gach aon duine a fheiceann ar a chéad lón í ní dhéantar a leas an lá sin.

Agus is é Liptí Leisciúil, giolla tine choire mór na hAlmhaine, an duine is moille i bhfianna Éireann óir is é a chaitheann lá samhraidh ag teacht ón tobar atá i ndoras na hAlmhaine go dtí a leaba féin sa chistin.

Agus is é Leargán Luath ó Luachair Deá an duine is luaithe i bhfianna Éireann; is é Daolghas mac Doiligh an duine is airde i bhfianna Éireann; is é Mac Méin, an t-abhac beag, an duine is lú i bhfianna Éireann; agus is mise féin an duine is fearr i bhfianna Éireann le clú oinigh is láimhe is oirirceas conáigh.

FEIS TIGH CHONÁIN

ANSIN A DÚIRT FIONN, ná bímis mar seo níos sia. Má tá lucht ceoil nó oirfide nó ealaíona sa bhaile tugtar chugainn iad, óir ní gnách domsa a bheith aon oíche gan oirfide.

Inis domsa, arsa Conán, na ceolta is na hoirfidí is binne a chualais riamh.

Inseod sin duit, arsa Fionn. Nuair a bhíonn seacht gcatha na gnáthfhéinne in aon ionad ag tógáil a gcuid sleánna os a gcionn agus ag bualadh na gaoithe glanfhuaire lena gcrainn ghaile go ndéanann treathán is tormán, is ar na ceolta is binne dár chuala riamh é sin.

Is binne liom fós an t-am a eagraítear teach mór na hAlmhaine is go dtógtar na coirn chomhóla le dáileadh ar mhaithe na féinne. Is binn liom an blocadh a dhéanann deireadh na gcorn á leagan ar na boird an uair sin.

Is binn liom foghar na bhfaoileán, coigeadal na gcorr, fuaim toinne le trá, guth na gcuach sa Bhealtaine, sceamháil na muc ar Mhaigh Eithne, nuallán seilge Dhoire Nóis, scolgháire loin Leitreach Néid, monabhar na nglas-sreabh, amhrán triúr iníonacha Bhig mhic Bhuain agus amhrán triúr mac Eathach. Is binne liom fós tonn faoi thír amach is isteach.

Agus is iad sin fuascailt na gceist a chuiris orm, a Chonáin, arsa Fionn.